

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

Uimhir chláraithe: 414351

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ
NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ
AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Duignan Carthy O'Neill Teoranta
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

FAISNÉIS FAOIN gCUIDEACHTA

| | |
|-------------------------------------|--|
| Stiúrthóirí | John McCafferty (Cathaoirleach) Ciara Breathnach Liam Chambers Sandra Collins Patrick Geoghegan David William Hayton Thomas Alvin Jackson Elva Johnston James Kelly Mary Ann Lyons Maire Mac Conghail Kate Manning John McDonough (éirithe as ar an 30 Meitheamh 2019) Hiram Morgan Nicola Morris Thomas O'Connor Dáibhí Ó Cróinín Mary O'Dowd Jane Ohlmeyer Michael Willis |
| Rúnaí Cuideachta | Cathy Hayes |
| Uimhir chláráithe | 414351 |
| Oifig cláráithe | 45 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2 |
| Iniúcháirí neamhspleácha | Duignan Carthy O'Neill Limited Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláráithe 84 Bóthar Northumberland Droichead na Dothra Baile Átha Cliath 4 |
| Baincéirí | Banc na hÉireann Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2 |

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

CLÁR ÁBHAR

| | Leathanach |
|---|------------|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 1 – 2 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 3 -10 |
| Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleácha | 11 – 13 |
| Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais | 14 |
| Clár Comhardaithe | 15 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 16 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 17 – 24 |

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

Cuireann an cathaoirleach a ráiteas don tréimhse i láthair.

Bunaíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) sa bhliain 1928 agus rinneadh é a chorprú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar an 24 Eanáir 2006.

Ó bhunú an Choimisiúin, tá sé mar phríomhchúram air bunfhoinsí – idir chinn atá faoi úinéireacht phoiblí agus chinn atá faoi úinéireacht phríobháideach – a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn ar mhaithe le startha agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Ina Phlean Forbartha Straitéisí reatha a chuimsíonn an tréimhse 2018-2022, dhearbhaigh an Coimisiún a mhian arís comhairle a chur ar an Rialtas chun bonn eolais a chur faoin mbeartas a bhaineann le cúram agus caomhnú ábhar bunfhoinsí atá riachtanach maidir leis an aimsir atá caite in Éirinn a thuiscint agus stair na hÉireann a scríobh.

Le linn 2019, sa bhreis ar bhunfhoinsí a fhoilsiú agus a chur chun cinn, tharla an tríú Léacht Eoin MacNeill Dé Luain 27 Bealtaine (féach faoi ‘Gníomhaíochtaí’) agus críochnaíodh an chuid is mó den obair theicniúil ar láithreán gréasáin nua CLÉ (féach thíos).

In 2019, leanadh leis an tionscadal tábhachtach comharchumainn le Cartlann Náisiúnta na hÉireann ina mbreathnaítear ar na hábhair a sábháladh ó Oifig Taifead Poiblí na hÉireann (OTPÉ) tar éis a scriosta i mí an Mheithimh 1922 (féach faoi ‘Gníomhaíochtaí’).

Forbraíodh tuilleadh in 2019 an chomhpháirtíocht CLÉ leis an tionscadal Beyond 2022 atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide. Leanann CLÉ le híomhánna digiteacha de na heagrán fhoilsithe dá chuid a chur ar fáil don taisclann fhíorúil, cuid acu atá bunaithe ar ábhair a bhí á gcoimeád ar dtús in OTPÉ i 1922. Beidh na téacsanna sin inchuadaithe mar bhailiúchán neamhspleách nó mar chuid den chartlann fhíorúil nuair a sheolfar an taisclann in 2020. I bhfianaise an fhorluí i gcuspóirí thionscadail CLÉ le CNÉ agus leis an tionscadal Beyond 2022, déanfar tuilleadh iniúchta go luath san athbhliain ar bhealaí chun an caidreamh idir na trí chomhlacht a dhoimhniú.

Thar ceann chomhaltaí an Choimisiúin ba mhaith liom ár mbrón a thaifeadadh ar bhás an Dr. Brendan O’Donoghue ar an 4 Meán Fómhair 2019 agus ár gcomhbhrón a chur in iúl dá bhean chéile agus dá iníon. Bhí Brendan ina chomhalta ex officio den Choimisiún (1999-2003) nuair a bhí sé ina stiúrthóir ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (1997-2003). Bhain an Coimisiún leas mór as a scileanna eagrúcháin agus réitithe fadhbanna, go háirithe le linn athbheithnithe sheachtraigh a chuir an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ar bun in 2003.

Trí rannpháirtíocht an Choimisiúin in Oíche an Chultúir ó 2008 i leith, cuireadh deis ar fáil do chomhaltaí CLÉ chun bualadh le baill an phobail agus chun an méid a dhéanann CLÉ agus an méid a chuireann sé leis an saol cultúrtha in Éirinn a mhíniú. Tugadh an deis do chuirteoirí ar 45 Cearnóg Mhuirfean Dé hAoine 20 Meán Fómhair 2019 féachaint ar thaispeántas foilseachán, agus dul i gcomhairle le comhaltaí CLÉ, lena n-áirítear Elva Johnston, Marian Lyons, Maire Mac Conghail, Nicola Morris, Dáibhí Ó Cróinín agus mé féin, daoine a bhí ar fáil i rith na hoíche chun ceisteanna a fhreagairt faoi eagrán CLÉ de bhunfhoinsí agus chun comhairle a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de chaomhnú taifead. Ina theannta sin, tharla ceithre chaint ar eagrán CLÉ le heagarthóirí na n-eagrán sin ar bhuille na huair sa léachtlan in aice le taispeánt na bhfoilseachán. Ag 6 pm labhair an Dr. Gaye Ashford faoina heagrán i gcomhar leis an Dr. Marie Louise Jennings (nach maireann) de *The Letters of Katherine Conolly, 1707-1747*. Ag 7 pm labhair an Dr. Lesa Ní Mhunghaile faoin tionchar a bhí ag an bhfoilsiú de *‘Reliques of Irish poetry’* le Charlotte Brooke go déanach san ochtú haois déag in Éirinn, ar ábhar é dá heagrán CLÉ 2009. Ag 8 pm labhair mo chomhghleacaí CLÉ, an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín, faoin méid

a chuir cóipeanna collachló CLÉ de chóid mhóra na hÉireann, amhail Book of Lecan (1937) agus Book of Lismore (1950) le staidéar ar lámhscríbhinní meánaoiseacha na hÉireann. Ag 9 pm labhair an Dr. John Logan faoin bhfaisnéis speisiúil atá le fáil san aon leabhar iontrála atá ar fáil a bhaineann le haon cheann den dá theach déag tionscail a bunaíodh faoi Dhlíthe na mBocht in Éirinn 1771-2 bunaithe ar a eagrán féin 2011 i gcomhar leis an Dr. David Fleming - *Pauper Limerick: the register of the Limerick House of Industry, 1774-1793*. Thaitin an deis go mór leis an lucht féachana ceisteanna a chur tar éis gach cur i láthair.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

Leantar le hionadaíocht CLÉ ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (ACÉ - www.iar.ie), ar seirbhís ar líne saor in aisce í a chuireann oibríthe deonacha ar fáil agus lena gcumasaítear cartlanna ar fud na hÉireann a dtuairiscí bailiúcháin atá i gcomhréir leis an ISAD(G) a uaslódáil ar thairseach gréasáin. Is féidir le húsáideoirí thairseach ACÉ bailiúcháin chartlainne Éireannacha a chuardach ar fud cuid mhór de thaisclanna éagsúla, rud atá cosúil leis an tseirbhís A2A sa Ríocht Aontaithe. Leantar le fás an tionchair ACÉ trína sheirbhís gréasáin, ach freisin trína chainéil sna meáin shóisialta, ach freisin trína bpacáistí acmhainní oideachais 'The present duty of Irish women' (2015) agus 'Pledge ourselves and our people' (2017) atá bunaithe go heisiach ar ábhair atá ar fáil ó na bailiúcháin atá liostaithe ina thairseach gréasáin. Le linn 2019 bhí baint ag cuid mhór d'obair ACÉ leis an láithreán gréasáin a nuashonrú agus líon na mbailiúcháin a léirítear ar an tairseach a mhéadú.

Mar chuid dá straitéis feasachta, comhairleach agus abhcóideachta a fhorbairt i measc cartlannaithe gairmiúla, rinne CLÉ urraíocht ar an ionad don chruinniú san fhómhar den Chumann Cartlann agus Taifead, Éire (CCT Éireann) agus ar sheoladh an fheachtais 2019 'Explore Your Archives' a bhí ar siúl in oíche an 21 Samhain 2019. Tharla na himeachtaí in Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean agus táim buíoch de Mhaire Mac Conghail as aitheasc a thabhairt do na cartlannaithe a bhí i láthair bailithe nuair a bhí mé as láthair agus as feasacht a mhéadú ar an *raison d'être* chun CLÉ a bhunú agus ar na bunfhoinsí a d'fhoilsigh sé agus a chuir sé ar fáil ó 1930 amach.

Le linn 2019 bhí obair ar siúl leis an gcuideachta dearaidh gréasáin Communicraft chun láithreán gréasáin nua CLÉ a fhorbairt. Rinneadh cuid mhór den obair chun bunachair shonraí a aistriú agus formáidí comhaid a nuashonrú ag pointí éagsúla i rith na bliana. Cé nach raibh an láithreán nua beo faoi dheireadh na bliana, go príomha mar gheall ar an méid gníomhaíochta a bhí ann maidir le foilseacháin agus seoltaí, bhí sé réidh den chuid is mó le seoladh san athbhliain. Tá cuma an-mhaith ar an láithreán gréasáin nua agus tá feabhas mór tagtha ar nascleanúint na seirbhísí éagsúla ar líne a thairgeann CLÉ ar a láithreán gréasáin. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí CLÉ atá bainteach le hobair agus athbhreithniú an choiste ag pointí éagsúla, lena n-áirítear Kate Manning, Maire Mac Conghail, Mary O'Dowd agus Marian Lyons agus le Cathy Hayes freisin.

Tá fostaí buan amháin ag CLÉ, riarthóir an Choimisiúin, an Dr. Cathy Hayes, agus ba mhaith liom mo bhuíochas ar leith a chur in iúl maidir leis an obair atá déanta aici agus lena tiomantas ó ceapadh í in 2006, agus go háirithe sa bhliain 2019.

Mar fhocal scoir, ní mór dom an méid a scríobh mo réamhtheachtaí i dtuarascálacha roimhe seo a athrá: nach bhfaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair as ranníocaíocht fíor-riachtanach, rud a fhágann gur féidir leis an gCoimisiún a shainchúram a chomhlíonadh. Coinníodh an traidisiún seirbhíse seo don scoláireacht agus don stát araon ó bunaíodh an Coimisiún i 1928.

Name John McCafferty
 Cathaoirleach

Dáta 2 Márta 2020

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Ráiteas ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialachán na hÉireann.

Le dlí na gcuideachtaí atá i bhfeidhm in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. De réir an dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann' (lena n-áirítear SORP Carthanas (FRS 102)).

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar iontu léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta amhail dáta dheireadh na bliana airgeadais, nó ar bhrabús nó cailteanas na cuideachta don bhliain airgeadais sin agus go bhfuil siad ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus ina dhiaidh sin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cé acu a ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme nó nár ullmhaíodh, na caighdeáin sin a aithint, agus tionchar aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin, agus na cúiseanna leis an imeacht/na himeachtaí sin, a thabhairt dá n-aire; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé cuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chuideachta de bheith i mbun gnó;
- breathnú ar mhodhanna agus ar phrionsabail sa SORP Carthanas (FRS 102)

Tá na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcoinníonn an Chuideachta, nó go gcinntíonn an Chuideachta go gcoinnítear, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha lena mínítear agus lena dtaifeadtar idirbhearta na Cuideachta i gceart, lena gcumasaítear sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta a dhearbhu le cruinneas réasúnta tráth ar bith, lena gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus lena gcumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta. Féadfaidh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlísiní eile.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

Príomhghníomhaíochtaí

Is é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann bunfhoinsí lámhscríbhinne do stair agus cultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní fhoilseofaí na foinsí sin ar shlí eile mar nach bhfuil siad inmhhartha ó thaobh na tráchtála de ar chor ar bith. Mar chomhlacht poiblí, gníomhaíonn CLÉ freisin mar chomhairleoir don rialtas, nuair is gá, i dtaca le hábhair a bhaineann le bunfhoinsí go ginearálta agus cuireann sé feacht an phobail agus na n-institiúidí ar a thábhachtaí atá na foinsí sin chun cinn.

Athbhreithniú Gnó

De réir a phlean forbartha straitéisí is déanaí lean CLÉ de bheith ag obair ar a phríomhchuspóir a bhaineann le foilsiú bunfhoinsí agus le feacht ar bhunábhair a chur chun cinn do stair, do chultúr agus d'oidhreacht na hÉireann agus a pobail, agus rochtain air sin a chur chun cinn. Le linn 2019, mhéadaigh CLÉ a chuid gníomhaíochtaí chun a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach mar fhoilsitheoir, mar chomhpháirtí comhoibritheach, mar shainchomhairleoir, mar thionscnóir feachta ar an ngá le bunfhoinsí a chaomhnú agus mar thacadóir agus cleachtóir digitithe. Rinne sé é seo trí urraíocht a dhéanamh ar dhuaiseanna agus imeachtaí éagsúla chun feacht a mhúscailt faoin ngá le hábhar bunfhoinsí a chaomhnú, agus faoi na buntáistí a bhaineann leis sin, ach freisin trí chomhoibriú leis an tionscadal Beyond 2022 a dhoimhniú, trí theagmháil leis an rannán Taifead Gnó ag Cartlann Náisiúnta na hÉireann, trí bhallraíocht DRI, trí bheartas ar Rochtain Oscailte a chur chun tosaigh agus trí theagmháil a dhéanamh le tionscadail eile mar iCAN (tionscnamh líonra Cartlainne Pobail faoi choimirce Ard-Mhúsaem na hÉireann) chun caomhnú digiteach a chur chun cinn.

Forbairt Amach Anseo

Leanfaidh CLÉ dá acmhainní a chaitheamh ar fhoilsiú bunfhoinsí lámhscríbhinní. Leanfaidh sé freisin de chaomhnú bunfhoinsí ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus go háirithe - trí obair a Choiste Feachta Caomhnaithe agus Rochtana (PAAC) - chun feacht an phobail ar ardú maidir leis an ngá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú; beidh na taifid seo ina mbunfhoinsí sa todhchaí do staraithe atá ag obair ar an aonú haois is fiche.

Ag teacht lena shainchúram seirbhíse poiblí, rachaidh CLÉ i ngleic le teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagrán leictreonacha de liosta na saothar dá chuid a chur chun cinn agus a chur ar fáil, trína láithreán gréasáin agus trí thairseacha oiriúnacha oidhreachtacha cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha. Cuirfear foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil ar líne d'úsáideoirí, in Éirinn agus ar fud an domhain, saor in aisce trína láithreán gréasáin féin ach freisin tríd an DRI agus an stór fíorúil Beyond 2022.

Leis an bplean forbartha straitéisí cúig bliana seo cruthaítear creat soiléir don CLÉ chun a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach agus chun a sheirbhísí a sholáthar i gcomhréir le príomhchuspóir a Reachtaíochta, agus aird chuí á tabhairt ar ardchaighdeán rialachais agus cuntasachta do gach páirtí leasmhar CLÉ.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Is ionann na príomhrioscaí agus príomh-neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus maoiniú leanúnach ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Go dtí seo tá buiséad bliantúil faighte ag CLÉ a chuir ar a chumas a phríomh-shainchúram foilsithe a chomhlíonadh, ach is meabhrú é an cor chun donais eacnamaíoch i ndiaidh 2008, agus nach raibh maoiniú ar ais ag leibhéal roimhe, go bhfuil maoiniú leordhóthanach i mbaol i gcónaí.

Gníomhaíochtaí

Foilseacháin

Le linn 2019, foilsíodh ceithre eagrán nua de bhunfhoinsí mar aon le heisiúint de shraithfhoilseachán CLÉ *Analecta Hibernica*. I dtreo dheireadh 2019, bhí roinnt eagrán le foilsiú go luath, ach ní raibh siad fós ag na clódóirí. Beidh na heagrán seo a leanas le feiceáil go luath in 2020: *Mapping Ireland c. 1550-1636: a catalogue of manuscript maps of Ireland* arna cur in eagar ag Annaleigh Margey; *Irish religious censuses of the 1760s: Catholics and Protestants in eighteenth century Ireland* arna chur in eagar ag Brian Gurrin *et al.*; agus *1641 Depositions*, vol. VI, Laois and Offaly, príomheagarthóir Aidan Clarke.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

Documents relating to the Bogs Commissioners, 1809-1813

Foilsíodh an chéad eagrán CLÉ de 2019 i mí Mhárta. Tá portaigh na hÉireann athraithe go mór le cúpla céad bliain anuas. Tá taifid Choimisinéirí na bPortach ina gcuidiú maidir le méid na n-athruithe sin a mheas, rud a chuireann le staidéir áitiúla agus náisiúnta ar chlaochlú timpeallachta. Arna chur in eagar ag an Dr. Arnold Horner, déantar cur síos san eagrán seo ar an líon mór doiciméad a bhaineann leis na coimisinéirí arna gceapadh ag an rialtas. Cuireadh de chúram orthu i 1809 fiosrúchán a dhéanamh ‘ar nádúr agus ar fhairsinge na bportach in Éirinn, agus ar infheidhmitheacht na bportach a dhraenáil agus a shaothrú’. Agus iad ag feidhmiú go dtí 1813, thiomsaigh na coimisinéirí léarscáileanna agus tuarascálacha ar phortaigh i 22 contae ar fud na hÉireann. Tá go leor dá n-ábhar oibre, lena n-áirítear na tuairiscí lámhscríbhinne agus na mion-léarscáileanna agus na mionléaráidí lámhscríbhinne a d’ullmhaigh a n-innealtóirí, caomhnaithe anois i mbaillúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá taifid eile i gCartlann Náisiúnta na hÉireann (CNÉ) agus i measc na bpáipéar Foster in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann. In eagrán an Dr. Horner aithnítear agus tarraingítear le chéile raon éagsúil ábhar, rud a fhágann gur féidir meas níos fearr a fháil ar thábhacht féideartha obair Choimisinéirí na bPortach. Is é an príomhdhoiciméad san eagrán seo an leabhar miontuairiscí (a choinnítear ag CNÉ), ina ndearnadh idirbhearta na gcoimisinéirí a thairgeadh thar cheithre bliana go leith. Tugtar aird freisin ar na léarscáileanna lámhscríbhinne agus ar dhoiciméid eile atá anois i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Cuimsíonn na taifid a bhaineann leis na coimisinéirí go leor sonraí áitiúla agus tugann siad léargas ar ghnéithe éagsúla d’Éirinn go luath sa naoú haois déag, go háirithe riarachán agus tuath na tíre.

1641 Depositions, Volume V, Kildare and Meath

Is é príomheagarthóir na sraithe 1641 Depositions an tOllamh Emeritus Aidan Clarke. Is teistiméireachtaí finnétithe iad 1641 Depositions, ó Phrotastúnaigh den chuid is mó, ach freisin ó roinnt Caitliceach, ó gach cúlra sóisialta, maidir lena n-eispéiris le héirí amach 1641 in Éirinn. Rinneadh sna teistiméireachtaí cailliúint earraí, gníomhaíocht mhíleata, agus na coireanna líomhnaithe a rinne na ceannaircigh Éireannacha a thairgeadh. Athscríobhadh 19,010 leathanach lámhscríbhinne san iomlán in 31 imleabhar faoi cheangal a choinnítear i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus foilseofar iad in dhá imleabhar déag ar leithligh. Foilsíodh an cúigiú imleabhar sa tsraith i mí Lúnasa agus soláthraítear fianaise shoiléir leis na teistíochtaí agus scrúduithe ó Chill Dara agus ón Mí ar na deacrachtaí a bhí os comhair Shean-Ghail na Páile agus iad ag déileáil le rialtas nach raibh fonn air muinín a chur iontu ná iad a chosaint, agus a rinne iarracht iad a spréachadh. Tá taifid luachmhara sa dá chontae freisin ar na himscrúduithe níos déanaí ar ‘dhúnmharuithe agus sléachtanna’, a rinneadh ó 1652-1654, a léiríonn go raibh baint ag na himeachtaí go réaláioch le dúnmharuithe agus gur dhéileáil siad le coireanna le déanaí chomh maith le coireanna stairiúla. Baineann spéis uathúil leis an ábhar ó Chill Dara sa mhéid is go n-áirítear leis ábhar neamhphróiseáilte i bhfoirm nótaí ar agallaimh le teisteoirí a ghlac triúr de choimisinéirí Bhaile Átha Cliath i mBaile Átha Í i dturgnamh ‘for-rochtana’ in Aibreán 1642. Níor scríobhadh cuid mhór de na taifid seo mar theistíochtaí foirmiúla, toisc go raibh na cailleanais a éillíodh an-bheag go deo, is dócha: bhain na teisteoirí le leibhéal sóisialta den phobal lonnaitheoirí nár bhuail na coimisinéirí leo riamh i mBaile Átha Cliath agus nach mbuaileann staraithe leo go minic sna foinsí. Tá an corp ábhair seo gan sárú áit ar bith san Eoraip nuaimseartha luath agus soláthraíonn sé foinse uathúil faisnéise maidir leis na cúiseanna agus na himeachtaí a bhain le héirí amach 1641 agus maidir le stair shóisialta, eacnamaíoch, chultúrtha, reiligiúnach agus pholaitiúil in Éirinn, i Sasana agus in Albain sa seachtú haois déag.

Irish Jesuit Annual Letters, 1604-1674

Arna chur in eagar ag Vera Moynes, foilsíodh an t-eagrán seo de na haon litreacha amháin atá ar fáil idir pobal na nÍosánach in Éirinn agus ceanncheathrú na nÍosánach sa Róimh in dhá imleabhar i mí Mheán Fómhair. Ní mhaireann ach cúig cinn is fiche de na Litreacha Bliantúla ó Éirinn don seachtú haois déag. Foilsítear iad go léir anseo den chéad uair in éineacht le haistriúcháin ón Laidin agus ón bPortaingéilis go Béarla. Ní hamháin go dtugann siad léargas ar an misean dinimiciúil agus a raibh tionchar aige, soláthraíonn siad faisnéis uathúil freisin faoi réaltachtaí sóisialta, polaitiúla, cultúrtha, reiligiúnacha, gnéis agus teanga sa tréimhse sin. Tá an t-eagrán seo bunaithe ar lámhscríbhinní atá i gCartlann Íosánach na hÉireann agus i gCartlann Chumann Íosa sa Róimh. Ar an meán bhí fiche Íosánach ar mhisean na hÉireann, daoine a réachtáil tithe i mbailte agus i gcathracha ar fud an oileáin chomh maith le dul ar thurais seanmóireachta go minic. In ainneoin a líon beag daoine ba bhreathnóirí muiníneacha agus mionsonraithe iad ar dhálaí in Éirinn le linn ceann de na tréimhsí céad bliain ab fhoréigní agus ba chorráí riamh. Soláthraítear sna litreacha seo cuntais phearsanta ar phlá i gCluain Meala, ar ghorta i gConnacht, ar sléacht i nDroichead Átha, ar dhíbirt agus ar mhíorúiltí ar fud an oileáin ar fad.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA
STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
31 NOLLAIG 2019

The diary (1689-1719) and accounts (1704-1717) of Elie Bouhereau

Foilsíodh an t-eagrán seo, an dara heagrán de 2019 bunaithe ar thrascríbhinn (ón bhFraincis an uair seo) agus ar aistriúchán, i mí na Samhna. Ba iad an Dr. Maire Leoutre, an Dr. Jane McKee, an tOllamh Jean-Paul Pittion agus an Dr. Amy Prendergast a chuir in eagar é. Ba dhídeanaí Úgónach Francach í Élie Bouhereau (1643-1719) a chuir faoi i mBaile Átha Cliath in 1697 agus a bhí ina chéad choimeádaí de Leabharlann Marsh. Bhí saol an-éagsúil aige agus a sháith taistil déanta aige. Bhí sé ina bhall gníomhach de Phoblacht na Litreacha le linn a óige, ghníomhaigh sé freisin mar rúnaí ar mhisean taidhleoireachta na Breataine i gCantúin na hEilvéise le linn na 1690í agus ina dhiaidh sin le linn feachtais mhíleata in Piedmont. Tugann a dhialann agus a chuntais léargas polaitiúil, pearsanta, sóisialta, cultúrtha agus taidhleoireachta, ag caitheamh solais ar stair na hÉireann, na Fraince agus ar stair na hEorpa níos leithne. Tugtar sa dialann léargas uathúil ar eispéireas na deoraíochta agus an diaspora trí phríomhthuaisciú ar an duine a ndeachaigh géarleanúint reiligiúnach i bhfeidhm air nó uirthi, ina bhfuil tagairtí athfhillteacha do shaol agus do streachailt dídeanaithe, dáileadh pasanna agus gluaiseachtaí móra daoine a bhfuil súil acu baill teaghlaigh a athlonnú. Soláthraítear cuntais finné súl léi freisin ar eachtraí míleata agus tá mionsonraí teaghlaigh inti maidir le saolta (agus básanna) leanaí agus gharchlann Bouhereau. Is ábhar spéise a chuid cuntas airgeadais freisin, agus faisnéis as cuimse á soláthar leo maidir le saol teaghlaigh agus réaltachtaí sóisialta in Éirinn go luath san ochtú haois déag.

Analecta Hibernica, Uimh. 50

Arna fhoilsiú i mí na Nollag 2019, is é seo an tríú heagrán déag d'fhoilseachán sraitheach CLÉ atá le cur in eagar ag an Ollamh James Kelly. Is í an chaoga heagrán í freisin a foilsíodh ó 1930. Mar aitheantas don éacht speisialta sin, rinneadh cumhdach an imleabhair sin a chabhradh leis an uimhir 50. San áireamh in *Analecta Hibernica* Uimh. 50 tá tuarascáil don Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta do 2018 agus na páipéir seo a leanas: 'Three surveys of the Londonderry plantation, 1613-16-16', arna chur in eagar ag David Heffernan; 'Documents appertaining to Portarlinton and Thomas Willis's School, Portarlinton, c. 1769-1824', arna chur in eagar ag John Stocks Powell; 'The Strangers' Friend Society register of relief recipients, 9 May 1794-27 December 1799', arna chur in eagar ag Ciarán McCabe; agus 'Minutes of the meetings of the Thinkers Circle, 1941-1945', arna chur in eagar ag Nicolas Johnson agus Rose Mary Cullen. Cuimsíonn an t-eagrán seo tuairisc bháis do Brian Trainor.

Seoltaí in 2019

Measann CLÉ go bhfuil seoltaí mar chuid bhunúsach de chur chun cinn an eagraín den bhunfhoinsé a foilsíodh, agus den fheasacht níos leithne ar an ngá atá le foinsí lámhscríbhinní i gcló a chaomhnú a d'fhéadfadh a bheith deacair teacht orthu murach sin. Seoladh dhá leabhar in 2019: i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna. Tionóladh fáiltiú seolta amháin i seomraí Chartlann Ailtireachta na hÉireann (IAA) a roinneann CLÉ cóiríocht leo ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean agus a bhfuil CLÉ buíoch díobh as cabhair agus as tacaíocht ar na hócáidí seo. Is é an Dr. Jason McElligott ó Leabharlann Marsh a d'eagraigh an fáiltiú do sheoladh an eagraín Bouhereau agus tionóladh é i gcomhar le comhdháil faoi na hÚgónaigh a bhí ar siúl i Leabharlann Marsh ag an am céanna.

Sheol an tOllamh Simon Ditchfield, Ollscoil Eabhrac, eagrán de chuid Vera Moynes de *Irish Jesuit Annual Letters, 1604-1674* ar an 13 Meán Fómhair. Labhair an tOllamh Ditchfield, duine de na saineolaithe is mó ar domhan ar Chaitliceachas sa séú haois déag agus sa seachtú haois déag, faoin tábhacht a bhaineann le foilsiú an taisce shaibhir seo d'ábhar Éireannach do gach scoláire ar spéis leo san Fhrith-Reifirméisean. Ina óráid, leag an Dr. Todd Morrissey, agus é ag labhairt do chartlanna Íosánacha na Róimhe agus na hÉireann, béim ar a mhéid a léiríonn an foilseachán seo toradh blianta fada d'obair ar na Litreacha Bliantúla. Mhol sé Vera Moynes as a cuid oibre maidir leis an obair thábhachtach eagarthóireachta agus aistriúcháin seo a stiúradh chun deiridh. Thug sé faoi deara freisin go bhfeidhmeadh cáilíocht agus tromchúis an eagraín dhá imleabhar mar mhúnla do scoláirí i réigiúin eile san Eoraip chun dul ar aghaidh le fiontair chomhchosúla. D'fhreastail cuid mhór daoine ar an seoladh seo.

Ar an 16 Samhain sheol M. Lionel Paradisi-Coulouma, Leas-Cheann Misin ag Ambasáid na Fraince go hÉirinn eagrán de dhialann agus chuntais Élie Bouhereau arna chur in eagar ag Marie Leoutre, Jane McKee, Jean-Paul Pittion agus Amy Prendergast i Séipéal Mhuire in Ardeaglais Naomh Pádraig. Labhair Monsieur Paradisi-Coulouma go corraitheach faoin iliomad rudaí a cheangail an Fhrainc agus Éire an tráth a bhí Bouhereau ag scríobh, ach atá fós ina gceangal ar ártíortha inniu. Ní hamháin gur thug sliochtaigh Élie Bouhereau urraíocht ar an bhfáiltiú, ach labhair siad ag an seoladh freisin agus mhol siad ó chroí na heagarthóirí as an sáróbaire a rinne siad ag tras-scríobh agus ag aistriú na hoibre seo lena foilsiú. Tráthnóna an-ghnóthach a bhí sa seoladh, a bhí níos feiliúnaí fós toisc go bhfuil Élie Bouhereau agus a bhean chéile curtha i Séipéal Mhuire a bhí ina n-áit adhartha nuair a bhí cónaí orthu i mBaile Átha Cliath.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

Duais urraithe ag CLÉ ag Comhdháil Meánaoisithe na hÉireann

Bhí an-áthas ar CLÉ urraíocht a dhéanamh ar dhuais mac léinn ag Comhdháil Meánaoisithe na hÉireann a bhí ar siúl i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh ón 27 go dtí an 29 Meitheamh 2019. Bronnadh dearbhán leabhar €150 ar an bpáipéar mac léinn is fearr ar théama stair nó litríocht na hÉireann. Agus an duais á bronnadh léadh ráiteas gairid a dúirt 'Tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, a bunaíodh i 1928, anois sa 91ú bliain. Is comhlacht poiblí, uile-Éireann é, a shaothraíonn an fhís a chuir Eoin MacNeill in iúl maidir le bunábhair fhoinsé a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn in úinéireacht phoiblí agus phríobháideach do stair agus d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus a pobail. Tá an-áthas ar CLÉ tacú le Comhdháil Meánaoisithe na hÉireann agus go háirithe leo siúd atá ag déanamh taighde ar Éire na Meánaoise. Bhuaigh Maria Hallinan, mac léinn PhD in OÉ Gaillimh, an duais as a páipéar dar teideal 'The *Senchas Mar* status-tract: overview and first insights'.

Léacht Eoin MacNeill

Bunaíodh Léacht Eoin MacNeill chun feacht ar chartlanna agus caomhnú bunfhoinsí a chur chun cinn. Tionóladh an chéad léacht in 2012. Ceapadh an léacht fhoirmiúil seo mar dheis do scoláirí idirnáisiúnta mór le rá labhairt faoina n-eispéiris le cartlanna agus le bunfhoinsí, rud a thug deis do lucht féachana Éireannach tarraingt ar eispéireas scoláirí agus cartlannaithe lasmuigh d'Éirinn. Ba í an tOllamh Anne Gilliland, scoláire cáiliúil cartlann pobail iarchoinbhleachta agus Déan Comhlach le haghaidh Staidéar Faisnéise, Stiúrthóir ar Staidéar Cartlainne agus Ollamh & Stiúrthóir an Lárionaid um Fhaisnéis mar Fhianaise ag Ollscoil California Los Angeles a thug an tríú léacht in 2019 dar teideal 'Sustaining identity and peace-building through community archives'. Chuir an tOllamh Gilliland a cuid taighde eitneagrafach i láthair ar chartlanna pobail iarchoinbhleachta sa Chróit agus sa Bhoisnia agus ar na ról atá á gcomhlíonadh acu sna náisiúin nua-neamhspleácha seo ina bhfuil pobail atá roinnte ó thaobh eitneachta de go stairiúil. Chomhroinn an tOllamh Gilliland a cuid taighde ar phoitéinseal na gcartlann pobail cuidiú le náisiúin nuachruthaithe chun "...rialú a ghlacadh ar a n-insintí féin, brón a dhéanamh faoina gcailliúintí, agus iarracht a dhéanamh ar bhonn áitiúil agus go fóirúil chun meon an phobail a atógáil tar éis dó a bheith briste ag díláithriú, ag cinedhíothú agus ag díbirt". Léacht a spreag an-smaoineamh a bhí ann, agus glacadh go maith leis agus spreag sé comhráite bríomhara tar éis na hócáide.

Seirbhísí agus fógraíocht

Mar a tuairiscíodh i dtuarascálacha CLÉ roimhe seo, glacann CLÉ le glaonna teileafóin agus le fiosrúcháin ríomhphoist ó gach cearn den domhan. Déantar iad sin a bhainistiú faoi théarmaí na Cairte Custaiméirí dár gcuid. Seachadtar roinnt seirbhísí d'úsáideoirí le suíomh gréasáin CLÉ; díol ar líne fhoilseacháin CLÉ; cóipeanna digitithe inchoardaithe de shaothair CLÉ atá as cló; tograí le haghaidh foilsithe a chur isteach ar líne; PDFanna in-íoslódáilte don chatalóg leabhar CLÉ is déanaí, tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus doiciméid bheartais.

Le linn 2019 mhéadaigh CLÉ a chuid gníomhaíochta ar na meáin shóisialta. Leanadh le méadú ar lucht leanúna CLÉ ar Twitter. Táthar ag súil go leanfaidh CLÉ sna blianta atá romhainn le dul i dteagmháil le pobail nua úsáideoirí trí na meáin shóisialta agus go bhfreagróidh sé don éileamh atá ann ar bhealaí nua chun feacht a mhéadú ar fhoilseacháin CLÉ agus ar obair níos leithne an Choimisiúin maidir le caomhnú taifead araon.

Rinne CLÉ fógraíocht i raon leathan d'fhoilseacháin chlóite le linn 2019. Leanadh le fógraíocht i ngach eagrán de *History Ireland* agus *Books Ireland*, agus i *Family Directory* de chuid Fhondúireacht Stairiúil Uladh agus sna turais bhóthair ghinealais dá cuid chuig SAM áit ar scaipeadh bileoigín A4 faoi acmhainní CLÉ do staraithe teaghlaigh ag cruinnithe ar fud SAM; tá na gnéithe sin ag croílár chur chun cinn fhoilseacháin CLÉ do phobail staraithe gairmiúla agus amaitéara, leabharlannaithe agus ginealeolaithe/staraithe teaghlaigh faoi seach. Cuireadh fógraí sprioctha sna foilseacháin a leanas freisin: *The Literary Review Magazine*; *London Review of Books*; *Senior Times*; *Irish Arts Review*; agus scaipeadh bileoigín thiomnaithe maidir le heagrán na meánaoise sna pacáí comhdhála ag Comhdháil Meánaoisithe na hÉireann a bhí ar siúl ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, i Meitheamh. Tá an-tábhacht ag baint le fógraíocht chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc lucht féachana seanbhunaithe agus nua in Éirinn agus thar lear.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ

Tar éis athfhorbairt shuíomh gréasáin CLÉ a cheaptar go leanfar leis in 2020, cuirfear tús le clár feabhsaithe CLÉ ar an tseirbhís um Eagráin Dhigiteacha dá chuid.

Measann CLÉ go bhfuil digitíú liosta na saothar dá chuid ina chuid dhílis dá shainchúram um sheirbhís phoiblí chun rochtain ar bhunfhoinsí lámhscríbhinne atá caomhnaithe i gcló aige a fheabhsú agus chun feasacht ina leith sin a fheabhsú arson. De réir na meán agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ gach iarracht chun úinéirí ceart a fhoinsíú agus a aithint maidir le hábhair uile a úsáidtear ar rannán na nEagrán Digiteach dá shuíomh gréasáin. Tugann CLÉ cuireadh d'úinéirí ceart a chreideann nár aithníodh go ceart iad ar shuíomh gréasáin CLÉ, nó a chreideann nár tugadh aird iomlán ar a gcóipcheart, teagmháil a dhéanamh le CLÉ le ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó ar theileafón ag + 353 1 676 1610.

An tionscadal um Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte

Rinne taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath obair ar an tionscadal straitéiseach CLÉ seo faoi stiúir an Ollaimh Micheál Ó Siochrú. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2015 agus seachadfaidh sé san fhómhar 2020 leagan digiteach ar líne, inchuardaithe

de na Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháileacháin 20 imleabhar (BSD), rud a choinnítear i gCartlann Náisiúnta na hÉireann (tacar Oifig an Chiosa Chúitigh). Beidh an acmhainn sin ar fáil d'úsáideoirí ar fud an domhain chun cuardach saor in aisce. Déanfar forbairt léi ar shuíomh gréasáin reatha don Down Survey de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (downsurvey.tcd.ie) d'fhonn rochtain a sholáthar ar 'mhórfhoinse phríomhúil lena mbaineann luach cruthaithe do staraithe, do ghinealeolaithe agus do shaineolaithe logainmneacha' (*Plean Forbartha Straitéisí CLÉ, 2012-2016*, lch. 14). Ag teacht lena shainchúram maidir le foinsí i gcló a chaomhnú, foilseoidh CLÉ eagrán clóite il-imleabhair de théacs tras-scríofa na n-imleabhar lámhscríbhinne freisin. Tá an tionscadal comhpháirteach sin ina eiseamláir den chomhpháirtíocht atá ar bun idir CLÉ mar fhoilsitheoir, agus mar mhaoinitheoir sa chás seo, agus gníomhairí seachtracha a bhfuil na scileanna acu a theastaíonn chun foinsí príomhúla a chur ar fáil ar ardán inchuardaithe ar líne.

Tionscadal na n-ábhar a sábháladh ó 1922

Is tionscadal comhpháirteach é seo le Cartlann Náisiúnta na hÉireann chun scrúdú a dhéanamh ar 221 beart ábhair a aisghabhadh ó Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn (OTPÉ) tar éis di a bheith scriosta i 1922, ach níor scrúdaíodh iad go mion roimhe seo. Rinneadh an measúnú caomhnaithe ar an ábhar seo in 2017 agus 2018. Tá díospóireachtaí ar siúl le CNÉ faoi liostú cartlainne na mbeart seo agus rachaidh siad ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den obair in 2020. Nuair a bheidh siad críochnaithe, le caomhnú agus liostú na n-ábhar seo osclófar na gráid ábhair níos cobhsaí le haghaidh taighde agus tuilleadh fiosrúcháin ag staraithe. Foilseoidh CLÉ catalóg i gcrúachóip den ábhar a sábháladh chun feasacht a mhéadú tuilleadh ar an ábhar sin. Cuirfear an chatalóg ar fáil ar líne freisin. Imeacht barrthábhachtach i stair na hÉireann ba ea scríosadh OTPÉ i 1922. Chuir sé deireadh le sciartha suntasacha de thaifid na hÉireann agus bhí tionchar uafásach aige ar scríobh stair na hÉireann. Ar bhealaí is ionann an bhaint atá ag CLÉ leis an tionscadal seo agus an scéal ag teacht ar ais san áit ar thosaigh sé toisc gurbh é an t-imeacht uafásach seo an rud a spreag bunú Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann sé bliana níos déanaí i 1928.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an Dr. Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006. Soláthraíonn Judith O'Brien Uasal agus an Dr. Melinda Lyons (go dtí an 31 Lúnasa 2019) cúnamh riaracháin ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse.

Luach Saothair na Foirne CLÉ:

Le tuairisciú airgeadais faoi láthair éilítear go ndéanaimid líon na mball foirne buan a thuilleann breis agus €60,000 in aghaidh na bliana a liostú inár gcuntais. Breacaimid síos gach leibhéal tuarastail thíos ar mhaithe le trédhearcacht.

Le linn 2019 bhí fostaí amháin ag CLÉ atá fostaithe ar bhonn buan lánaimseartha. Rinneadh an tuarastal seo a reo ó 2009 go dtí 2018 agus in Eanáir 2019 méadaíodh é de réir na méaduithe a thuiriscigh an Banc Ceannais agus comhlachtaí eile.

Maidir le tuarastail, is é seo a leanas miondealú na dtuarastal in 2019:

| |
|--|
| Tuarastal idir €60,000 - €70,000 in aghaidh na bliana: 1 dhuine |
| Tuarastal idir €50,000 - €60,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine |
| Tuarastal idir €40,000 - €50,000 in aghaidh na bliana: 2 dhuine* |
| Tuarastal idir €30,000 - €40,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine |
| Tuarastal idir €20,000 - €30,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine |
| *bunaithe ar thuarastal bliantúil coibhéseach pro-rata |

Sláinte agus sábháilteacht fostaithe

Déantar folláine fhostaithe na cuideachta a chosaint trí chloí le caighdeán sláinte agus sábháilteachta. Cuireann an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceanglais áirithe ar fhostóirí agus rinne an chuideachta na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíontar an reachtaíocht, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ghlacadh.

Rialachas

Bhuail Bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le chéile ar sheacht ócáid in 2019, is é sin sé huair mar stiúrthóirí le haghaidh gnáthchruinnithe gnó agus uair amháin mar chomhaltaí don Chruinniú Ginearálta Bliana. Glacadh le cuntais iniúchta ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a tionóladh ar an 25 Márta 2019 agus taisceadh iad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ina dhiaidh sin.

In Aibreán 2019 shínigh an tAire Airgeadais Ionstraim Reachtuil (Uimh. 110 de 2019) sa dlí chun Clár Láir um Úinéireacht Thairbhiúil Cuideachtaí agus Cumann Tionscail agus Coigiltis (RBO) a bhunú, ag comhlíonadh Airteagal 30(1) den Cheathrú Treoir AE um Fhrithsciúradh Airgid (4AM LD). Le 4AMLD éilítear ar gach Ballstát AE forálacha a chur sa dlí náisiúnta lena n-éilítear ar eintitis chorparáideacha agus dhlíthiúla faisnéis leordhóthanach, chruinn agus reatha a fháil agus a choinneáil maidir lena n-úinéir(i) tairbhiúil (tairbhiúla). Ceanglaítear le hAirteagal 30(3) de 4AMLD go gcoinneofaí an fhaisnéis faoi úinéirí tairbhiúla nó faoi oifigigh bhainistíochta sinsearaí i gclár lárnach i ngach Ballstát. I Meán Fómhair 2019 taisceadh sonraí oifigí bainistíochta sinsearaí CLÉ le Clár na nÚinéirí Tairbhiúla sa CRO.

Taisceadh an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais le haghaidh 2018 leis an Údarás Rialála Carthanais i gcomhréir leis an reachtaíocht lena rialaítear earnáil na gcarthanais.

Leanann Stiúrthóirí/Comhaltaí CLÉ an treoir do stiúrthóirí cuideachta, rúnaithe cuideachtaí agus comhaltaí a chuirtear ar fáil sna leabhair faisnéise arna dtáirgeadh ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Déanann Bord CLÉ a dhícheall chun seachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán a áirithiú agus leanann sé an cleachtas um dhea-rialachas mar atá leagtha amach sa Chód Rialachais, ar cód cleachtais deonach é do charthanais.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

Airgeadas

Mar a bhí an cás i mblianta roimhe seo, ba mhian le CLÉ aitheantas a thabhairt i dtaca leis an maoiniú a fuair sé le linn 2019 ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Gan an deontas a sholáthraíonn an Roinn, ní fhéadfadh CLÉ a shainchúram a chomhlíonadh. Tá an maoiniú bliantúil seo mar bhonn agus thaca ag clár foilseacháin CLÉ. Cé gur laghdaíodh an deontas bliantúil le blianta beaga anuas, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar é a thabhairt ar ais ag na leibhéil a bhí ann roimhe de réir mar a tharlaíonn téarnamh geilleagrach agus de réir mar a mhéadaíonn costais.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ba mhaith le CLÉ aitheantas a thabhairt anseo freisin do chomhaltaí Aonad na nInstitiúidí Cultúrtha a rinne idirchaidreamh le CLÉ thar ceann na Roinne in 2019, go háirithe an tUasal John Kennedy agus an tUasal Colm Lundberg. Táimid ag tnúth le leanúint le hobair a dhéanamh leis an Roinn d'fhonn sainchúram CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir bunfhoinsí do startha agus do chultúir na hÉireann agus chun suíomh CLÉ a fhorbairt mar nasc tábhachtach idir pobal na hoidhreachta cultúrtha agus an pobal níos leithne de thaighdeoirí na ndaonnachtaí.

Taighde agus Forbairt

Níor tabhaíodh aon chostais taighde agus forbartha sa bhliain.

Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl aon athruithe suntasacha beartaithe ag na stiúrthóirí maidir le nádúr an ghnó.

Ranníocaíochtaí Polaitíochta

Níor thug an cuideachta aon síntiúis pholaitíochta sa bhliain.

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta a rinne na stiúrthóirí chun a áirithiú go gcomhlíontar ceanglais Ailt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur chun feidhme le haghaidh idirbhearta a thairfeadh, pearsanra inniúil cuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí aige a fhostú agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas faoi fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta

Dheimhnigh gach duine díobh sin atá ina stiúrthóirí tráth a faomhadh tuarascáil na Stiúrthóirí seo an méid seo a leanas:

- nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann, de réir eolas an stiúrthóra, nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus
- gur ghlac an stiúrthóir gach céim ba chóir a bheith glactha mar stiúrthóir d'fhonn a bheith ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dhearbhú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Iniúchóirí

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, chuir na hiniúchóirí, Duignan Carthy O'Neill Teoranta, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig.

Thar ceann an Bhoird

John McCafferty
(Cathaoirleach)
Stiúrthóir

Maire Mac Conghail
Stiúrthóir

Dáta: 2 Márta 2020

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLÉACHA CHUIG COMHALTAÍ, MAR CHOMHLACHAS, CHOIMISIÚIN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Tuarascáil faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (an 'Cuideachta') don bhliain dar críoch 31

Nollaig 2019, a chuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus na nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná Dlí na hÉireann agus an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - 'an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'.

Is é ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais atá i gcuideachta:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar a brabús don bhliain dar críoch an dáta sin;
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann'; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Bonn na tuairime

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (ISAs (Éire) agus de réir an dlí infheidhmithe. Cuirtear síos tuilleadh ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid 'Freagrachtaí na nIniúchóirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais' dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na riachtanas eiticiúil atá ábhartha d'ár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil a eisítear ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

Cinntí a bhaineann le Gnóthas Leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas lena gceanglaíonn ISA (Éire) 570 orainn tuairisciú duit:

- i gcás nach bhfuil úsáid na stiúrthóirí den bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta iomchuí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais; nó
- i gcás nár nocht na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon neamhchinnteachtaí ábhartha a aimsíodh ar féidir go mbeidís ina gcúis amhrais faoi chumas na Cuideachta glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta ar feadh tréimhse de dhá mhí déag, ar a laghad, ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Eolas eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an fhaisnéis atá le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár nIniúchóirí ina leith sin. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, seachas sa mhéid sin a dhearbhaítear go sonrach inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de thátal ráthaíochta faoi sin.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í an fhreagracht atá againn ná an t-eolas eile a léamh agus le linn dúinn sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile neamhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh nó má fheictear dúinn go ndearnadh míráiteas faoi go hábhartha seachas sin. I gcás go n-aimsímid a leithéid de neamhsheasmhachtaí

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLÉÁCHA CHUIG COMHALTAÍ, MAR CHOMHLACHAS, CHOIMISIÚIN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN (AR LEAN.)

nó míráitis ábhartha follasacha, tá dualgas orainn a chinneadh an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den eolas eile. Más é an tátal a bhainimid as, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha na eolais eile seo, tá dualgas orainn tuairisc a thabhairt faoi sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Tuairim faoi nithe eile atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn an iniúchta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscímid an méid seo:

- go bhfuil muid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- go bhfuil muid den tuairim gur ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aidhmeanna ár n-iniúchta faighte againn.

Is é ár dtuairim gur leor iad taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus go ceart, agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag réiteach leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint faoin gCuideachta agus faoina timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aimsíomar aon mhíráitis ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Is trí Acht na gCuideachtaí 2014 a cheanglaítear orainn tuairisciú duit má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar a éilítear in ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Freagrachtaí agus srianta faoi leith ar úsáid

Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 3, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráiteas airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom, agus as a leithéid de rialú inmheánach is a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar atá infheidhmithe, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta ach amháin má tá sé i gceist ag an lucht bainistíochta cé acu an Chuideachta a leachtú, sin nó éirí as a bheith i mbun oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu seachas sin a dhéanamh.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ, MAR CHOMHLACHAS, CHOIMISIÚIN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (AR LEAN.)

Freagrachtaí na nIniúcháirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuid cuspóirí ná ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaos nó earráid, agus Tuarascáil Iniúcháirí a eisiúint a bhfuil ár dtuairim mar chuid di. Is leibhéal ard gealltanais é gealltanais réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí sa chás go bhfuil a leithéid de rud ann. Féadfaidh míráitis a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonair nó trí chéile, dá bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin an IAASA ag: [https://www.iaasa.ie/Publications/ISA-700-\(Ireland\)](https://www.iaasa.ie/Publications/ISA-700-(Ireland)). Tá an cur síos seo mar chuid de Thuarascáil na nIniúcháirí uainn.

Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus cé a bhfuil freagrachtaí dlite againn ina leith

Déantar an tuarascáil seo do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúchta ionas gur féidir linn na nithe sin a chur in iúl do chomhaltaí na Cuideachta nach mór dúinn a chur in iúl dóibh i dTuarascáil na nIniúcháirí agus ar an gcúis sin amháin. Sa mhéid a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid le freagracht ar aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, le haghaidh na tuarascála seo, nó maidir leis na tuairimí atá againn.

Elizabeth Murphy

Thar ceann

Duignan Carthy O'Neill Limited

Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláraithe
84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra Baile
Átha Cliath 4

2 Márta 2020

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA
hÉIREANN**

**RÁITEAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS (LENA N-ÁIRÍTEAR IONCAM & CAITEACHAS)
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

| | 2019 | | | 2018 | | |
|---|------------------------|-------------------------------|----------------------|------------------------|-------------------------------|-------------------|
| | Teoranta Cistí € | Gan teorainn Cistí € | Iomlán Cistí € | Teoranta Cistí € | Gan teorainn Cistí € | Iomlán Cistí € |
| Ioncam ó: | | | | | | |
| Deontais mhaoinithe ioncaim 3 | 235,000 | 2,716 | 237,716 | 235,000 | 3,531 | 238,531 |
| Gníomhaíochtaí eile | 19,943 | - | 19,943 | 15,043 | - | 15,043 |
| Gníomhaíochtaí carthanacha | - | - | - | - | - | - |
| Seirbhísí cíosa neamhairgid | 41,088 | - | 41,088 | 40,517 | - | 40,517 |
| Ilghnéitheach | 40 | - | 40 | 2,890 | - | 2,890 |
| Ioncam iomlán | 296,071 | 2,716 | 298,787 | 293,450 | 3,531 | 296,981 |
| Caiteachas ar: | | | | | | |
| Costais Riaracháin | (70,407) | - | (70,407) | (78,944) | - | (78,944) |
| Costais Eagarthóireachta agus Foilsithe | (65,215) | - | (65,215) | (61,770) | - | (61,770) |
| Costais Oifige | (34,460) | - | (34,460) | (32,883) | - | (32,883) |
| Tionscadail Speisialta | (24,762) | (2,716) | (27,478) | (41,353) | (3,531) | (44,884) |
| Costas díolachán | (58,827) | - | (58,827) | (46,253) | - | (46,253) |
| Seirbhísí cíosa neamhairgid | (41,088) | - | (41,088) | (40,517) | - | (40,517) |
| Caiteachas iomlán | (294,759) | (2,716) | (297,475) | (301,720) | (3,531) | (305,251) |
| Oibriúcháin ioncam/ (caiteachas) | 1,312 | - | 1,312 | (8,270) | - | (8,270) |
| Ús iníochta | - | - | - | - | - | - |
| Ús tuillte | - | - | - | 6 | - | 6 |
| Glanioncam/(Glancaiteachas) | 1,312 | - | 1,312 | (8,270) | - | (8,270) |
| Aistriú idir cistí | - | - | - | - | - | - |
| Glanghluaiseacht i gcistí | 1,312 | - | 1,312 | (8,270) | - | (8,270) |
| Réiteach cistí: | | | | | | |
| Cistí iomlána tugtha ar aghaidh | 45,525 | - | 45,525 | 53,789 | - | 53,789 |
| Ranníocaíocht chaipitil 11 | 154,831 | - | 154,831 | 154,831 | - | 154,831 |
| Cistí iomlána tugtha ar aghaidh | 201,668 | - | 201,668 | 200,356 | - | 200,356 |

Gach gníomhaíocht a bhaineann le hoibríochtaí leanúnacha

Tá na nótaí ar leathanaigh 17-24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA
hÉIREANN**

**CLÁR COMHARDAITHE
AG AN 31 NOLLAIG 2019**

| | Nóta | 2019 € | 2018 € |
|--|------|-----------------|-----------|
| Sócmhainní seasta | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | 13,059 | 7,161 |
| | | 13,059 | 7,161 |
| Sócmhainní reatha | | | |
| Stoic | 8 | 16,341 | 15,507 |
| Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 9 | 13,904 | 10,491 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 10 | 178,931 | 186,160 |
| | | 209,176 | 212,158 |
| Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 11 | (20,567) | (18,963) |
| Glansócmhainní reatha | | 188,609 | 193,195 |
| Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha | | 201,668 | 200,356 |
| Glansócmhainní | | 201,668 | 200,356 |
| Caipiteal agus cúlchistí | | | |
| Ranníocaíocht Chaipitil | | 154,831 | 154,831 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 46,837 | 45,525 |
| Cistí scairsealbhóirí | | 201,668 | 200,356 |

D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais agus rinneadh an bord iad a údarú lena n-eisiúint

John McCafferty
(Cathaoirleach)
Stiúrthóir

Maire Mac Conghail
Stiúrthóir

Dáta: 2 Márta 2020

Tá na nótaí ar leathanaigh 17-24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA
hÉIREANN**

**RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

| | 2019 | <i>2018</i> |
|--|-----------------|----------------|
| | € | € |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 1,312 | <i>(8,264)</i> |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais | | |
| Coigeartuithe do na rudaí seo: | 4,526 | <i>3,656</i> |
| Dímheas sócmhainní inláimhsithe | - | <i>(6)</i> |
| Ús a fuarthas | (834) | <i>2,277</i> |
| (Méadú)/laghdú i stoic | (3,413) | <i>(180)</i> |
| (Méadú) i bhféichiúnaithe | 1,604 | <i>(5,047)</i> |
| Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe | 3,195 | <i>(7,564)</i> |
| Glanairgead tirim ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | (10,424) | <i>(1,672)</i> |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | - | <i>6</i> |
| Ús a fuarthas | (10,424) | <i>(1,666)</i> |
| Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | |
| | (7,229) | <i>(9,230)</i> |
| (Glanlaghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim | 186,160 | <i>195,390</i> |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | 178,931 | <i>186,160</i> |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana | | |
| Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana: | 178,931 | <i>186,160</i> |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 178,931 | <i>186,160</i> |

Tá na nótaí ar leathanaigh 17-24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

1. Faisnéis ghinearálta

Is éard atá sna ráitis airgeadais seo a chuimsíonn an Ráiteas ar ghníomhaíochtaí airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí bainteacha ráitis airgeadais aonair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, atá ionchorpraithe i bPoblacht na hÉireann. Rinneadh an chuideachta a ionchorprú in Éirinn ar an 24 Eanáir 2006. Is í 414351 uimhir chláraithe na cuideachta agus tá a hoifig cláraithe suite ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Tá cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

2. Beartais chuntasaíochta

2.1 Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus reacht na hÉireann lena gcuimsítear Acht na gCuideachtaí 2014.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhmiúil na cuideachta é.

Tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann comhdhéanta faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is carthanas cláraithe é agus tá a fheidhmíocht glactha agus tuairiscithe aige de réir na formáide dá bhforáiltear i SORP Carthanas agus tuairiscíonn sé go háirithe a fheidhmíocht don bhliain airgeadais i formáid Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais (SOFA) de chuid SORP.

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm sa dlí ar an 1 Meitheamh 2015, agus ón dáta sin cuireadh formáid agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais atá iomchuí do chuideachta atá ag trádáil chun brabús a comhaltá a dhéanamh i bhfeidhm ar chuideachta atá ina heagraíocht sheachbhrabúsach. D'fhonn faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun maoirseacht na stiúrthóirí agus feidhmíocht agus staid airgeadais an charthanas a thuiscint, d'ullmhaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a ráitis airgeadais de réir na bhformáidí dá bhforáiltear i SORP Carthanas (FRS 102).

Measann na stiúrthóirí gurb é glacadh le riachtanais SORP an chuntasaíocht is iomchuí chun gníomhaíochtaí na heagraíochta a léiriú agus a nochtadh i gceart. Dá mbeadh formáid Acht na gCuideachtaí agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais a bheadh oiriúnach do chuideachta atá ag trádáil ar mhaithe le brabús a cuid comhaltá curtha i láthair ina ionad sin, dhéanfaí cuntas brabúis agus cailteanais a thuairisciú le nótaí gaolmhara a thaispeánann míreanna amhail Láimhdeachas agus Costas Díolacháin mar aon le a "brabús" ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas.

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

2.2 Ioncam

Luaitear ioncam glan ó lascaíní trádála agus lacáistí méid agus díorthaíonn sé ó dhíolachán leabhar a thagann faoi ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ó dhíolachán leabhar nuair a aistríonn an chuideachta na rioscaí agus na luaíochtaí suntasacha úinéireachta sna hearraí, rud a tharlaíonn de ghnáth nuair a sheachadtar na leabhair go fisiciúil chuig an gceannaitheoir.

2.3 Ioncam ó ús

Aithnítear ioncam ó ús sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais agus an modh úis éifeachtach á úsáid.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

2. Beartais chuntasáochta (ar lean.)

2.4 Pinsin

Plean pinsin le ranníocaíocht shainithe

Oibríonn an Chuideachta plean le ranníocaíocht shainithe dá fostaithe. Is éard atá i bplean le ranníocaíocht shainithe plean pinsin ina n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach in aonán ar leithligh. Nuair a bheidh na ranníocaíochtaí íochta níl aon oibleagáidí íocaíochta breise ag an gCuideachta.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostas sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais nuair a bhíonn siad dlite. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrúithe mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ón gCuideachta i gcistí a riarar go neamhspleách.

2.5 Ainm na Cuideachta

Fuair an chuideachta ceadú faoi alt 1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 na focail 'Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta' a fhágáil amach as a hainm.

2.6 Sócmhainní seasta inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe faoin tsamhail chostais ag costas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais laige carntha. Cuimsíonn costas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt chuig an áit agus an riocht is gá chun go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach atá beartaithe ag an mbainistíocht.

Gearrtar dímheas chun costas sócmhainní a leithdháileadh lúide a luach iarmharach thar a saolré úsáideach measta, agus modh na líne díri á úsáid.

Soláthraítear dímheas ar an mbonn seo

a leanas: Daingneáin agus feistis 20%

Déantar luachanna iarmharacha, saolta úsáideacha agus modhanna dímheasa na sócmhainní a athbhreithniú, agus a choigeartú go hionchasach más iomchuí, nó má tá comhartha ann go bhfuil athrú suntasach ann ón dáta tuairiscithe deireanach.

Cinntear gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairtí trí chomparáid a dhéanamh idir na fáiltais agus an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad sa Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais.

2.7 Féichiúnaithe

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lúide aon laige. Déantar iasachtaí infhaighte a thomhas ar dtús ag luach cóir, glan ó chostais idirbhirt, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach, lúide aon laige.

2.8 Stoc

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sna chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur san áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic as feidhm.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

2. Beartais chuntasaíochta (ar lean.)

2.9 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Léirítear airgead tirim le hairgead ar láimh agus taiscí le hinstiúidí airgeadais inaisíochta gan phionós ar fhógra nach faide ná 24 uair an chloig. Is ionann coibhéisí airgid thirim agus infheistíochtaí an-leachtacha a aibíonn laistigh de thrí mhí ar a mhéad ó dháta na fála agus atá inathraithe go héasca go méideanna aitheanta airgid le riosca neamhshuntasach maidir le hathrú ar an luach.

Sa Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim, taispeántar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim glan ó rótharraingtí bainc atá inaisíochta ar éileamh agus atá mar chuid lárnach de bhainistíocht airgid na Cuideachta.

2.10 Creidiúnaithe

Tomhaistear creidiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt. Déantar dliteanais airgeadais eile, iasachtaí bainc san áireamh, a thomhas ar dtús ag luach cóir, glan ó chostais idirbhirt, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach, lúide aon laige.

2.11 Seirbhísí Cíosa

Tá cead ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann an foirgneamh ag 45 Cearnóg Mhuirfean a úsáid. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. Ós rud é gur seirbhís deonaithe í sin a sholáthraítear don chuideachta, measann na stiúrthóirí go bhfuil sé riachtanach an tseirbhís deonaithe a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Chuir siad muirear comhfhreagrach cíosa ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais freisin.

Muirearaítear an cíos ag luach margaidh an mhargaidh chíosa i mBaile Átha Cliath 2 le haghaidh maoin den mhéid chéanna.

2.12 Cáin

Tá an chuideachta díolmhaithe ó cháin de bharr a stádais charthanais.(Uimhir cánach carthanais: 17206).

2.13 Deontais Rialtais

Aithnítear deontais ag baint úsáide as an tsamhail feidhmíochta nuair a bhíonn dearbhú réasúnach ann go bhfaighfear an deontas agus go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a ghabhann leis. Scaoiltear deontais i leith caiteachais chaipitiúil chuig an gcuntas ioncaim agus cailteanais thar shaolré úsáideach ionchasach na sócmhainní. Scaoiltear deontais i leith caiteachais ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus cailteanais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

2. Beartais chuntasaíochta (ar lean.)

2.14 Ionstraimí airgeadais

Ní dhéanann an Chuideachta ach idirbhearta bunúsacha ionstraime airgeadais as a n-aithnítear sócmhainní agus dliteanas airgeadais amhail trádáil agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó bhainc agus ó thríú páirtithe eile, iasachtaí do pháirtithe gaolmhara agus infheistíochtaí i ngnáthscaireanna.

Déantar ionstraimí fiachais (seachas iad siúd atá go hiomlán inaisíochta nó infhaighte laistigh de bhliain), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile infhaighte agus iníochta, a thomhas ar dtús ag luach reatha na sreafaí airgid amach anseo agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach. Déantar ionstraimí fiachais atá iníochta nó infhaighte laistigh de bhliain, féichiúnaithe trádála agus creidiúnaithe de ghnáth, a thomhas, ar dtús agus ina dhiaidh sin, ar mhéid neamh-lascainithe an airgid thirim nó ar chomhaoin eile a mheastar a íocfar nó a gheofar. Mar sin féin, más idirbheart maoinithe é socruithe ionstraime gearrthéarmaí, amhail íocadh fiachas trádála iarchurtha thar ghnáth-théarmaí gnó nó i gcás iasachta gearrthéarmaí amach is amach nach bhfuil ag ráta an mhargaidh, déantar an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas a thomhas, ar dtús ag luach reatha sreafaí airgid amach anseo arna lascainiú ag ráta úis margaidh d'ionstraim fiachais chomhchosúil agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta, mura gcáilíonn sé mar iasacht ó stiúrthóir i gcás de chuideachta bheag, nó iasacht lamháiltais aonáin leasa phoiblí.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas agus costas amúchta a mheas ag deireadh gach tréimhe tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil laige. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar laige, aithnítear cailteanas laige sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Maidir le sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta, déantar an cailteanas laige a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus luach reatha na sreafaí airgid measta lascainithe ag ráta úis éifeachtach bunaidh na sócmhainne. Má tá ráta úis athraitheach ag sócmhainn airgeadais, is é an ráta lascaine chun aon chailteanas laige a thomhas an ráta úis éifeachtach reatha arna chinneadh faoin gconradh.

Maidir le sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas lúide laige, déantar an cailteanas laige a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an méid inghnóthaithe, ar garmheastachán é den mhéid a gheobhadh an Chuideachta don tsócmhainn dá mbeadh sí díolta ar dháta an chláir chomhardaithe.

3. Breithiúnais maidir le beartais chuntasaíochta agus príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin a chur i bhfeidhm

Measann na stiúrthóirí gurb ionann na meastacháin agus toimhdí cuntasaíochta thíos agus a gcuid meastachán agus breithiúnas cuntasaíochta:

Gnóthas Leantach:

Measann na stiúrthóirí go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna anonn agus ar aicmiú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Luacháil Stoic:

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur san áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic atá as feidhm.

Tabhartais Seirbhíse Cíos:

Luacháiltear bronnadh úsáid an fhoirgnimh ag an luach margaidh a bhaineann le maoin den chineál céanna a fháil ar cíos sa cheantar céanna.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA
hÉIREANN**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

4. Luach saothair iniúchóirí

| | 2019 | <i>2018</i> |
|-----------------------------------|--------------|--------------|
| | € | € |
| Táillí iníoctha leis an iniúchóir | 4,592 | <i>4,737</i> |

5. Fostaithe

Ba iad costais na foirne mar seo a leanas:

| | 2019 | <i>2018</i> |
|--|---------------|---------------|
| | € | € |
| Pá agus tuarastail | 77,548 | <i>81,522</i> |
| Costais árachais sóisialta | 8,136 | <i>8,325</i> |
| Costas na scéime ranníocaíochta sainithe | 6,174 | <i>5,995</i> |
| | 91,858 | <i>95,842</i> |

Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe, na stiúrthóirí san áireamh, i rith na bliana mar seo a leanas:

| | 2019 | <i>2018</i> |
|-----------|-------------|-------------|
| | Líon | Líon |
| Fostaithe | 1 | <i>1</i> |

6. An Deontas ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don bhliain óna príomhghníomhaíocht a dhéantar go hiomlán in Éirinn.

Tá dliteanas teagmhasach ann le deontais rialtais a fhaightear a aisíoc i gcás nach n-úsáidtear an deontas chun na críche a tugadh é.

| | 2019 | <i>2018</i> |
|-------------------|----------------|----------------|
| | € | € |
| Deontas Bliantúil | 235,000 | <i>235,000</i> |
| Commentarius | 2,716 | <i>3,531</i> |
| | 237,716 | <i>238,531</i> |

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA
hÉIREANN**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

| | | |
|-----------|---|--|
| 7. | Sócmhainní seasta inláimhsithe | Daingneáin agus feistis € |
| | Costas nó luacháil | |
| | Ag an 1 Eanáir 2019 | 57,123 |
| | Breiseanna | 10,424 |
| | Ag an 31 Nollaig 2019 | 67,547 |
| | Dímheas | |
| | Ag an 1 Eanáir 2019 | 49,962 |
| | Muirear ar shócmhainní faoi úinéireacht don bhliain | 4,526 |
| | Ag an 31 Nollaig 2019 | 54,488 |
| | Glanluachanna leabhar | |
| | Ag an 31 Nollaig 2019 | 13,059 |
| | Ag an 31 Nollaig 2018 | 7,161 |

Corpraíodh an chuideachta an 2006 Eanáir 24 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile ab fhiú luach measta €48,710 uirthi. Aithnítear na sócmhainní sin sna breiseanna thuas ar luach ainmniúil €1.

| | | | |
|-----------|--------------------------------|---------------|---------------|
| 8. | Stoic | 2019 | 2018 |
| | | € | € |
| | Earraí críochnaithe – Leabhair | 16,341 | 15,507 |
| | | 16,341 | 15,507 |
| | | 16,341 | 15,507 |

Luacháladh stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA
hÉIREANN**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

| | | |
|---|----------------|----------------|
| 9. Féichiúnaithe | 2019 | 2018 |
| | € | € |
| Méideanna Infhaighte | 5,342 | 6,986 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe | 8,562 | 3,505 |
| | 13,904 | 10,491 |
| | | |
| 10. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 2019 | 2018 |
| | € | € |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 178,931 | 186,160 |
| | 178,931 | 186,160 |
| | | |
| 11. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 2019 | 2018 |
| | € | € |
| Cánachas agus árachas sóisialta | 5,990 | 6,088 |
| Fabhrúithe | 14,577 | 10,159 |
| Ioncam iarchurtha (Féach ar nóta 10) | - | 2,716 |
| | 20,567 | 18,963 |
| | | |
| 12. Ioncam iarchurtha | 2019 | 2018 |
| | € | € |
| Deontais Rialtais | | |
| Ag an 1 Eanáir | 2,716 | 6,247 |
| A scaoileadh sa bhliain | (2,716) | (3,531) |
| Ag an 31 Nollaig | - | 2,716 |

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead a fuarthas i dtaca le tionscadal Commentarius. Níor cuireadh an tionscadal sin i gcrích faoi dheireadh na bliana.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

13. Rannócaíocht Chaipitil

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann airgead tirim ab fhiú €130,731 agus stoc leabhar ab fhiú €24,100 uirthi. Bronnadh troscán agus trealamh oifige eile freisin agus cuireadh ar áireamh iad sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil €1. Is ionann é sin agus rannócaíocht chaipitil iomlán is fiú €154,831.

14. Costais phinsin

B'ionann costais phinsin agus €6,174 (2018: €5,995).

15. Cúiteamh do phríomhphearsanra lucht bainistíochta

Níor íocadh aon chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019.

16. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Aisíoctar le stiúrthóirí aon speansais taistil agus chothaithe a thabhaíonn siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh. I rith na bliana dar críoch 2019 b'ionann na costais iomlána a aisíocadh agus €3,354 (2018: €5,164).

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeadh aon chíos le híoc as an spás oifige a úsáid. Faoi FRS 102 aithníodh luach margaidh de €43,750, lúide costas €2,662 i ráitis airgeadais 2019 (2018: €40,517) mar sheirbhís deonaithe neamh-mhalartaithe.

17. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl aon athruithe suntasacha beartaithe ag na stiúrthóirí maidir le nádúr an ghnó.

18. Páirtí rialaithe

Tá an chuideachta á rialú ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

19. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint ar an 2 Márta 2020